

Téarmaí agus Coinníollacha um Chlárúchán Ainmneacha Fearainn

CLÁR ÁBHAR

Clár ábhar	2
Sainmhínithe	3
Cuspóir agus raon	6
Alt 1. Riachtanais cháilitheachta	6
Alt 2. An prionsabal ‘tús freastail ar an gceann is túisce’; riachtanais infhaighteachta agus theicniúla; ainmneacha bactha agus ainmneacha coimeádta	6
Alt 3. Dualgais an chláraí	7
Alt 4. Uiríll agus barántaí an chláraí	8
Alt 5. Táillí agus Íocaíocht	8
Alt 6. Téarma, Athnuachan agus Síneadh Téarma Clárúcháin Ainm Fearainn	8
Alt 7. Aistriú ainm fearainn	9
Alt 8. Ainmneacha fearainn ar fionraí, bactha agus cúlghairthe; Glasáil Chlárlainne	10
Alt 9. Cearta tugtha	12
Alt 10. Cumarsáid idir an chlárann agus an cláraí	12
Alt 11. Príobháideacht agus cosaint sonraí	12
Alt 12. Teorainn dlíteanais	15
Alt 13. Leasuithe	16
Alt 14. Díl agus dlínse infheidhmithe	17
Alt 15. Réiteach malartach díospóide (“adr”)	17

SAINMHÍNITHE

Trí na téarmaí agus na coinníollacha seo um Chlárúchán Ainmneacha Fearainn, (“Téarmaí agus Coinníollacha”), beidh an bhrí tugtha anseo thíos leis an mBeartas Clárúcháin, na Treoirlínte Cláraithe, na Rialacha um Réiteach Díospóide, an Beartas *WHOIS* agus na hagusíní a ghabhann leo, na téarmaí caipitlithe agus na léirithe seo a leanas:

- Nós Imeachta ADR** Is é an míniú a ghabhann le Nós Imeachta ADR ná an míniú a cuireadh síos dó sna Rialacha um Réiteach Díospóide;
- Ainm Fearainn** Ciallaíonn Ainm Fearainn ainm fearainn atá cláraithe go díreach faoi Fhearann Barr Leibhéil .eu nó athróga féideartha .eu i scrípteanna eile ar a bhfuil iarraidh déanta nó iarratas ar chlárúchán curtha isteach chuig an gClárlann ina leith;
- Rialacha um Réiteach Díospóide** Ciallaíonn Rialacha um Réiteach Díospóide .eu nós imeachta na Rialacha um Réiteach Malartach Díospóide (ADR) dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialacha na mBeartas Poiblí;
- Rialachán .eu** Ciallaíonn Rialachán .eu Rialachán (CE) Uimhir 733/2002 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle, an 22 Aibreán 2002 ar fhorfheidhmiú Fhearann Barr Leibhéil .eu, OJL, 113, 30 Aibreán 2002, lgh 1-5 agus leasuithe féideartha, ina dhiaidh sin;
- Critéir Cháilitheachta Ghinearálta** Critéir Cháilitheachta Ghinearálta leagtha amach in Airteagal 4 (2) (b) de Rialachán Critéar .eu;
- Homaiglifí** Ciallaíonn siad ceann amháin nó dhá cheann de litreacha nó de ghlifeanna a bhfuil a gcruth mar an gcéanna nó nach féidir iad a aithint óna chéile ar an gcéad amharc. Meastar gur homaiglifí dá chéile iad ainmneacha fearainn más homaiglifí iad na litreacha ar fad d’ainm fearainn amháin de na litreacha ar fad atá sna hainmneacha fearainn eile, ag a suíomhanna faoi seach;
- Cuach Homaiglifí** Ciallaíonn sé foireann d’ainmneacha fearainn atá ina homaiglifí dá chéile;

<i>Cuach Homaiglíí Oibríochta</i>	Ciallaíonn sé Cuach Homaiglíí a bhfuil ainm fearainn amháin díobh ar a laghad cláraithe, bactha, in áirithe, tarraingthe siar, ar coraintín, urghafa, nó ar fionraí
<i>Teagmhálaí ar an Suíomh</i>	Tagraíonn sé do dhuine nádúrtha nó do dhuine dleathach nach bhfuil gaolmhar leis an gCláraitheoir atá ag bainistiú na n-ábhar teicniúil a bhaineann leis an ainm fearainn agus/nó na seirbhísí atá nasctha leis an ainm fearainn (cosúil leis an láithreán gréasáin, an r-phost,.....) ar son an Chláraí.
<i>Tréimhse Cláraithe Céimnithe</i>	Ciallaíonn Tréimhse Cláraithe Céimnithe an tréimhse ceithre mhí sula dtosaíonn an Tréimhse Cláraithe do ghnáthchlárú Ainmneacha Fearainn nach mbeidh cead lena linn ach acu siúd ag a bhfuil cearta roimhe seo atá aitheanta nó bunaithe ag dlí náisiúnta agus/nó dlí an Comhphobail agus beidh Forais Phoiblí cáilitheach chun Ainmneacha Fearainn a chlárú, dá dtagraítear i gCaibidil IV de na Rialacha Beartais Poiblí agus fógartha dá réir sin, nó aon tréimhse eile arna eagrú ag an gClárlann le cuspóir den sórt céanna;
<i>Rialacha Beartais Poiblí</i>	Ciallaíonn Rialacha Beartais Poiblí Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimhir 874/2004 de 28 Aibreán 2004 ag leagan amach rialacha beartais poiblí a bhaineann le forfheidhmiú agus feidhmeanna an Fhearainn Ard Leibhéil .eu agus na prionsabail a rialaíonn clárúchán, OJ L, 162, 30 Aibreán 2004, lgh 40-50 agus leasuithe ina dhiaidh sin;
<i>Cláraí</i>	Ciallaíonn cláraí duine nádúrtha, cuideachta nó eagraíocht a bhfuil clárúchán Ainm Fearainn aige nó aici nó a bhfuil iarraidh nó iarratas déanta aige nó aici maidir le hAinm Fearainn a chlárú;
<i>Cláraitheoir</i>	Ciallaíonn Cláraitheoir duine nó aonán, trí chonradh leis an gClárlann, a sholáthraíonn seirbhísí um chlárúchán ainmneacha fearainn do Chláraithe;
<i>Treoirlínte Clárúcháin</i>	Ciallaíonn Treoirlínte Clárúcháin na treoirlínte teicniúla atá curtha ar fáil ar Láithreán Gréasáin na Clárlainne;

Beartas Clárúcháin	Ciallaíonn Beartas Clárúcháin an doiciméad atá ar fáil ar Láithreán Gréasáin na Clárlainne;
Clárlann	Ciallaíonn an Chlárlann EURid vzw/asbl, cuideachta seachbhrabúsach comhshnaidhmithe agus bailí faoi dhlí na Beilge, le hoifig chláraithe ag Park Station, Woluwelaan 150, 1831 Diegem (An Bheilg);
Rialacháin	Ciallaíonn Rialacháin na Rialacháin .eu agus na Rialacha Beartais Phoiblí;
Rialacha	Ciallaíonn Rialacha na Téarmaí agus Coinníollacha, an Beartas Cláraithe, na Rialacha um Réiteach Díospóide, na Treoirínte Cláraithe agus na Rialacháin;
Téarma	Ciallaíonn Téarma tréimhse (in-athnuaite) clárúcháin Ainm Fearainn a ríomhtar ina blianta ag tosú ar an dáta clárúcháin agus a mbíonn feidhm aige ar feadh tréimhse sa raon ó aon (1) bhliain go deich (10) mbliana. I gcás Ainmneacha Fearainn a chláraítear ar an 29 Feabhra, déanfar iad a athnuachan i gcónaí ar an 28 Feabhra.
Láithreán Gréasáin na Clárlainne	Ciallaíonn Láithreán Gréasáin an láithreán gréasáin atá ar fáil ag http://www.eurid.eu ;
Beartas WHOIS	Ciallaíonn Beartas <i>WHOIS</i> an Beartas <i>WHOIS</i> atá curtha ar fáil ar Láithreán Gréasáin na Clárlainne;

CUSPÓIR AGUS RAON

Déanann na Téarmaí agus Coinníollacha seo, mar aon leis an mBeartas Clárúcháin, na Rialacha Réiteach Díospóide, agus na Rialacháin, cearta agus oibleagáidí na Clárlainne, an Chláraitheora agus an Chláraí a leagan amach, maidir le haon iarratas nó iarraidh ar chlárúchán Ainm Fearainn, an clárúchán féin agus aon athnuachan dá bharr, lena n-áirítear aon cheist agus gach ceist i ndáil le hAinm Fearainn den sórt sin.

ALT 1. RIACHTANAS CHÁILITHEACHTA

Ní bheidh cáilitheach chun Ainm Fearainn a chlárú ach daoine nádúrtha, cuideachtaí nó eagraíochtaí a bhaineann amach na Critéir Ghinearálta Cháilitheachta.

ALT 2. AN PRIONSABAL ‘TÚS FREASTAIL AR AN GCEANN IS TÚISCE’; RIACHTANAS INFHAIGHTEACHTA AGUS THEICNIÚLA; AINMNEACHA BACTHA AGUS AINMNEACHA COIMEÁDTA

1. Déanfaidh an Chlárlann Ainmneacha Fearainn a chlárú ar bhonn “tús freastail ar an gceann is túisce” de réir na dtéarmaí agus coinníollacha leagtha amach anseo istigh, mura bhfuil foráil chuige sin sna Rialacha i slí eile.

Dá bharr seo, beidh dáta agus am faighte d’iarraidh nó d’iarratas leictreonach iomlán atá ceart go teicniúil ag córais na Clárlainne le hainm fearainn a chlárú, mar atá leagtha amach sna Treoirínte Clárúcháin, mar an t-aon phointe tagartha.

2. Ní féidir ach na hainmneacha seo a leanas amháin a chlárú mar Ainm Fearainn:
 - (i) ainmneacha atá ar fáil. Tá ainm ar fáil nuair:
 - a. nach bhfuil sé cláraithe cheana féin mar Ainm Fearainn;
 - b. nach bhfuil sé coimeádta, bactha nó fógra tugtha don Chlárlann go bhfuil sé “neamh-inchláraithe” de réir Rialacha Beartais Poiblí, ach amháin má tá foráil chuige sin ar bhealach eile;
 - c. Ní cuid de Chuach Homaiglíí Oibríochta é ;
 - (ii) ainmneacha a chomhlíonann na riachtanais theicniúla agus léacsacha seo a leanas:

-
- a. atá ar a laghad 2 charachtar ar fad *sula* ndéantar iad a thiontú isteach go nodaireacht ACE (gan an Fearann Barrleibhéil in aon script féideartha atá ar fáil san áireamh), atá 63 charachtar ar a mhéid *tar éis* iad a thiontú go nodaireacht ACE (gan an Fearann Barrleibhéil in aon script féideartha atá ar fáil san áireamh) agus tar éis na ceannlitreacha a thiontú go litreacha beaga;
 - b. a úsáideann carachtair roghnaithe ón liosta de na carachtair thacaithe i scrípteanna na Laidine, na Gréigise agus san aibítir Choireallach amháin, (mar a fhoilsítear ar láithreán gréasáin na Clárlainne i léiriúchán UNICODE);
 - c. Ní mór go meaitseálfadh na carachtair a roghnaítear an script den iarmhír Barrleibhéil (“meaitseáil scrípteanna).;
 - d. a bhfuil litreacha ann ó aon script aonair amháin; i léiriúchán UNICODE, lena n-áirítear digití “0” go “9” agus/nó fleiscín (“-”)
 - e. nach dtosaíonn ná nach gcríochnaíonn le fleiscín (“-”);
 - f. nach bhfuil fleiscín (“-”); sa tríú ná sa cheathrú háit ag an am céanna, ach amháin má thosaíonn siad leis na carachtair “xn”
 - g. gan cód tíre alpha-2 eisiach a bheith ann;
 - h. nach bhfuil aon charachtar ann ach na litreacha Laidineacha “A” go “Z” nó “a” go “z”, na huimhreacha “0” go “9” nó an fleiscín (“-”) má thosaíonn siad leis na carachtair “xn--”.

Ní mór na coinníollacha ar fad thuas a chomhlíonadh go carnach.

ALT 3. DUALGAIS AN CHLÁRAÍ

Le linn an Téarma, bíonn na hoibleagáidí seo a leanas ar an gCláraí:

1. De réir mar a thagraítear dó sa Bheartas Cláraithe, an t-eolas teagmhála a choimeád cruinn, iomlán agus cothrom le dáta, (i) leis an gCláraitheoir lena bhfuil Comhaontú déanta ag an gCláraí leis agus (ii) leis an gClárlann (tríd an gCláraitheoir). Thairis sin, déanann an Cláraí uiríoll agus barántais go mbeidh aon seoladh r-phoist a sheoltar chuig an gClárlann ag feidhmiú mar sheoladh r-phoist;
2. an tAinm Fearainn a úsáid i slí nach sáraíonn sé aon chearta tríú páirtí, dlíthe nó rialacháin infheidhme, lena n-áirítear leithcheal ar bhonn cine, teanga, gnéis, creidimh nó dearcadh polaitíochta;
3. gan an tAinm Fearainn a úsáid (i) le drochintinn nó (ii) d’aon ghnó mídhleathach.

ALT 4. UIRÍLL AGUS BARÁNTAÍ AN CHLÁRAÍ

Déanann an Cláraí Uiríoll agus barántaíonn sé:

1. go gcomhlíonfaidh sé na Critéir Cháilitheacha Ghinearálta, agus go gcuirfidh sé an Chlárlann ar an eolas, trína Chláraitheoir, nuair a theipeann air na coinníollacha sin a chomhlíonadh;
2. go bhfuil gach faisnéis a chuirtear ar fáil don Chlárlann le linn an phróisis maidir leis an Ainm Fearainn a chlárú fíor, iomlán agus cruinn;
3. go ndéantar an t-iarraidh ar chlárú Ainm Fearainn le hintinn mhaith, ar bhonn dleathach agus nach gcuireann sé isteach ar chearta aon tríú páirtí;
4. nach bhfuil an tAinm Fearainn contrártha le beartas poiblí nó moráltacht (m.sh nach bhfuil sé gáirsiúil nó ionsaitheach) agus nach bhfuil sé mídhleathach;
5. go seasfaidh sé, le linn an Téarma, leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo agus aon Rialacha agus aon riail agus gach Riail infheidhme.

ALT 5. TÁILLÍ AGUS ÍOCAÍOCHT

1. Is féidir na táillí infheidhme a ghearrann an Chlárlann ar na Cláraitheoirí maidir le clárúchán, athnuachan, fadú téarma, aistriú agus athghníomhachtú Ainmneacha Fearainn a fháil ar Láithreán Gréasáin na Clárlainne.
2. Ní mór íocaíocht aon táillí dlite, as a bhfuil an Cláraí amháin faoi dhliteanas, a dhéanamh leis an gClárlann trí Chláraitheoir. Níl an Chlárlann freagrach as aon teip ar pháirt an Chláraitheora sa tslí seo, lena n-áirítear teip a mbeadh de thoradh air nach gclárófaí an tAinm Fearainn nó go gcuirfí ar ceal an tAinm Fearainn lena mbaineann.
3. Ní bheidh ar an gClárlann glacadh le hiarratas nó iarraidh ar Ainm Fearainn a chlárú, a athnuachan nó a aistriú ach amháin má tá an Cláraitheoir atá ceaptha ag an gCláraí i gcreidmheas.

ALT 6. TÉARMA, ATHNUACHAN AGUS SÍNEADH TÉARMA CLÁRÚCHÁIN AINM FEARAINN

1. Tosóidh agus críochnóidh Téarma aon chlárúchán Ainm Fearainn ar na dátaí atá leagtha amach thuas i sainmhíniú an Téarma.
Ach amháin má dhéantar foráil ina leith anseo, déanfar an Téarma a athnuachan go tostach le haghaidh tréimhse bhreise bhliana faoi réir na bhforálacha atá leagtha amach i sainmhíniú an Téarma.

2. Beidh an Cláraí i dteideal Clárúchán an Ainm Fearainn a fhoirceannadh de réir a chomhaontaithe lena Chláraitheoir. Ní bheidh feidhm lena leithéid d'fhoirceannadh, ach má fhaigheann an Chlárlann, iarraidh cealúcháin tríd an gCláraitheoir roimh dheireadh an Téarma. Mura bhfaightear iarraidh den sórt sin, beidh an Clárlann i dteideal an táille infheidhme athnuachana a éileamh don Téarma athnuachana de réir an nós imeachta atá leagtha amach in alt 9 den Bheartas Clárúcháin.
3. Níl aon oibleagáid ar an gClárlann an Cláraí a chur ar an eolas roimh ré maidir le cathain a rachaidh an Téarma in éag.
4. Beidh de cheart ag an gClárlann an tAinm Fearainn a chur ar fionraí nó é a chur ar ceal, nuair atá an Cláraí ag sárú na Rialacha.

ALT 7. AISTRÍÚ AINM FEARAINN

1. Faoi réir Alt 8 thíos, tá de cheart ag an gCláraí Ainm Fearainn a aistriú chuig Cláraí nua agus/nó chuig Cláraitheoir creidiúnaithe eile de réir an nós imeachta atá leagtha amach in Alt 10 den Bheartas Clárúcháin ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go carnach:
 - 1) Sa chás go n-aistrítear Ainm Fearainn chuig Cláraí nua, go bhfuil sé deimhnithe ag an gCláraí nua sin go sásaíonn sé na Critéir Ghinearálta Cháilitheachta; agus
 - 2) go bhfuil an Cláraitheoir i gcreidmheas d'focaíocht na dtáillí infheidhme.

Trí nós imeachta den sórt sin a leanúint aithníonn agus barántaíonn na Cláraitheoirí agus na Cláraithe atá bainteach leis bailíocht aistriú an Ainm Fearainn.
2. Ní féidir Ainm Fearainn atá bachtá a aistriú ach amháin ag cinneadh déanta ag
 - a. painéal i Nós Imeachta ADR; nó
 - b. ag cúirt de chuid Ballstáit;
3. Le linn an Téarma, is féidir Ainm Fearainn a aistriú ag am ar bith chuig oidhrí dlíthiúla an Chláraí (ar bhás an Chláraí) nó chuig ceannaitheoir sócmhainní an Chláraí (i gcás go mbíonn an Cláraí faoi réir imeachta dá dtagraítear sna Rialacha Beartais Phoiblí) tar éis doiciméadúchán cuí a chur isteach, agus ar choinníoll go gcomhlíonann na hoidhrí dleathacha nó an ceannaitheoir na riachtanais cháilitheachta mar atá leagtha amach in alt 1 anseo. Tarlóidh a leithéid d'aistriú de réir an nós imeachta atá leagtha amach in Alt 10 den Bheartas Clárúcháin.
4. Má theipeann ar an gCláraitheoir an cód uathúil údaraithe de réir Alt 10 den Bheartas Clárúcháin a chur ar fáil, féadfaidh an Cláraí an cód údaraithe a iarraidh go díreach ón gClárlann, ar choinníoll gur féidir leis an gCláraí a léiriú go ndearna sé gach iarracht an cód a fháil ón gCláraitheoir

agus nár chuir an Cláraitheoir ar fáil é. I gcás den sórt sin, tar éis an t-iarraidh a fháil ón gCláraí agus tar éis an fhaisnéis a fuarthas ón gCláraí a scrúdú, féadfaidh an Chlárlann an cód údaraithe a dheonú go díreach don Chláraí.

5. Ní bheidh an Chlárlann faoi dhliteanas i gcás ar bith maidir le haistriú Ainm Fearainn a phróiseáil. Beidh an Cláraitheoir (reatha agus/nó nua) agus an Cláraí (reatha agus/nó nua) i gcomhpháirt, go hiomlán agus amháin faoi dhliteanas a chinntiú go ndéanfaidh duine údaraithe gach iarraidh ar aistriú Ainm Fearainn a dhoiciméadú agus a chomhdú
6. Chun dabht a sheachaint, i gcás aistrithe de réir Alt 10.3 den Bheartas Clárúcháin, fanfaidh Téarma an Ainm Fearainn gan athrú.

ALT 8. AINMNEACHA FEARAINN AR FIONRAÍ, BACTHA AGUS CÚLGHAIRTHE; GLASÁIL CHLÁRLAINNE

1. Cuirfidh an Chlárlann ar fionraí aon Ainm Fearainn:
 - (i) ar feadh daichead (40) lá más rud é agus a mhéid a bhfuil iarraidh cealúcháin faighte ag an gClárlann ón gCláraitheoir mar atá leagtha amach in alt 6. 2 anseo. Tosóidh an tréimhse fionraíochta 40 lá ar (a) an dáta luaite san iarraidh cealúcháin nó (b) an dáta ar a ndearnadh an t-iarraidh cealúcháin i gcás go dtagann an dáta luaite san iarraidh cealúcháin roimh an dáta sin nó sa chás nár luadh aon dáta san iarraidh cealúcháin.
 - (ii) a bhfuil iarraidh déanta ag an gClárlann ar an gCláraí Cláraitheoir nua a fháil de réir alt 10. 1 den Bheartas Clárúcháin.

Sna cásanna thuas, ní féidir Ainm Fearainn a úsáid. Taispeánfaidh an Chlárlann stádas fionraíochta na nAinmneacha Fearainn siúd ina bhunachar sonraí *WHOIS*.
2. Le linn na tréimhse fionraíochta dá dtagraítear i mír 1(i) thuas
 - (i) féadfaidh an Cláraí iarraidh a dhéanamh an tAinm Fearainn a bhí ar fionraí a athghníomhachtú nó a aistriú de réir Alt 11 den Bheartas Clárúcháin. Ní dhéanfaidh an Chlárlann Ainm Fearainn atá ar fionraí dá dtagraítear i mír 1(i) a athghníomhachtú ach amháin tar éis don Chlárlann iarraidh a fháil ón gCláraitheoir ceaptha ag an gCláraí chun an tAinm Fearainn a athghníomhachtú agus má tá an Cláraitheoir i gcreidmheas chun na táillí athghníomhachtaithe infheidhme a íoc.
 - (ii) féadfaidh oidhrí an Chláraí (i gcás bhás an Chláraí) nó an riarthóir iomchuí (i gcás go dtagann an Cláraí faoi réir imeachta dá dtagraítear in Airteagal 19 (2) de na Rialacha Beartais Phoiblí) iarraidh a dhéanamh an tAinm Fearainn ar fionraí a chlárú in ainm

oidhrí an Chláraí nó ceannaitheoir sócmhainní an Chláraí, de réir an nós imeachta atá leagtha amach sa Bheartas Clárúcháin.

Más rud é, le linn na tréimhse fionraíochta dá dtagraítear i mír 1(i) thuas, nach ndéanann oidhrí an Chláraí (i gcás bhás an Chláraí) nó an riarthóir iomchuí (i gcás go dtagann an Cláraí faoi réir imeachta dá dtagraítear in Airteagal 19 (2) de na Rialacha Beartais Phoiblí), an tAinm Fearainn a athghníomhachtú nó a chlárú, déanfaidh an Chlárlann an tAinm Fearainn a chur ar fáil sa ghnáthchúrsa le haghaidh clárúchán ginearálta go díreach tar éis 40 lá ar fionraí.

3. Cuirfidh an Chlárlann bac le haon Ainm Fearainn:
 - a. a mheasann cúirt de chuid Ballstáit é bheith clúmhillteach, ciníoch nó contráilte le beartas poiblí, ar fhógra ó chinneadh na cúirte, dá dtagraítear in Airteagal 18 de na Rialacha Beartais Phoiblí. Ar fhógairt ordú deiridh cúirte, déanfar an tAinm Fearainn a chúlghairm agus a bhac ó chlárúchán amach anseo a fhad is a fhanann an t-ordú cúirte iomchuí bailí.
 - b. sa chás go gcuirtear an Chlárlann ar an eolas go bhfuil Nós Imeachta ADR nó go bhfuil imeachtaí dlí ar feitheamh, go dtí go gcuirtear deireadh leis na himeachtaí sin agus go gcuirtear an cinneadh iomchuí in iúl don Chlárlann; sa chás seo (a) ní féidir an tAinm Fearainn a aistriú chuig Cláraí nua agus/nó chuig Cláraitheoir creidiúnaithe eile, agus (b) ní féidir leis an gCláraí a fhaisnéis teagmhála a athrú maidir leis an Ainm Fearainn atá curtha ar fionraí.
 - c. sa chás go bhfuil an Cláraí agus/nó an Cláraitheoir curtha ar an eolas de réir alt 12.2 den Bheartas Clárúcháin.
4. Déanfaidh an Chlárlann aon Ainm Fearainn a chúlghairm tar éis cinneadh a bheith déanta chun na críche sin ag painéal i Nós Imeachta ADR nó ordú cúirte.
5. Féadfaidh an Chlárlann, clárúchán Ainm Fearainn a chúlghairm dá dheoin féin agus gan an díospóid a chur faoi bhráid aon socraithe aighnis neamh-bhreithiúnach ar na cúinsí seo a leanas amháin:
 - (i) fiacha atá ag dul don Chlárlann nach bhfuil íoctha; nó
 - (ii) neamh-chomhlíonadh an Chláraí ar na Critéir Ghinearálta Cháilitheachta; nó
 - (iii) an Cláraí ag sárú Rialacha faoi réir comhlíonadh leis an nós imeachta leagtha amach in alt 12 den Bheartas Clárúcháin.
6. Féadfaidh an Cláraitheoir, ag am ar bith, iarraidh ar an gClárlann an tseirbhís Glasála Clárlainne d'Ainm Fearainn a ghníomhachtú. Ciallaíonn an tseirbhís Glasála Clárlainne an tseirbhís a chuireann an Chlárlann ar fáil

chun an tAinm Fearainn a chosaint ar athruithe, ar aistrithe nó ar scrios de thimpiste tríd an Ainm Fearainn a ghlasáil. Le linn an ama ina mbíonn an tseirbhís Glasála Clárlainne gníomhach d'Ainm Fearainn faoi leith, ní féidir an tAinm Fearainn a chur ar ceal, a nuashonrú nó a aistriú chuig Cláraí nua, ná chuig Cláraitheoir eile.

ALT 9. CEARTA TUGTHA

1. Ar chlárú Ainm Fearainn, faigheann an Cláraí ceart eisiach teoranta, inaistrithe, in-athnuaite chun an tAinm Fearainn a úsáid don Téarma, ach amháin dá bhforáiltear i slí eile sna Rialacha. Ní féidir leis an gCláraí aon chearta eile a éileamh, ach amháin na cinn atá san áireamh anseo.
2. Ar fháil iarratais cláraithe ar Ainm Fearainn ag an gClárlann ní bheidh de Cláraí i dteideal aon chead aistarraingthe a fheidhmiú.

ALT 10. CUMARSÁID IDIR AN CHLÁRLANN AGUS AN CLÁRAÍ

1. Déanfar aon chumarsáid oifigiúil idir an Chlárlann agus an Cláraí trí r-phost:
 - (i) más chuig an gClárlann í: info@eurid.eu;
 - (i) más chuig an gCláraí í: an seoladh teagmhála r-phoist curtha chuig an gClárlann tríd an gCláraitheoir agus atá ar fáil sa Bhunachar Sonraí *WHOIS*.
2. Beidh aon chumarsáid oifigiúil idir an Chlárlann agus an Cláraí i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh

ALT 11. PRÍOBHÁIDEACHT AGUS COSAINT SONRAÍ

1. Próiseáil sonraí pearsanta

Trí Ainm Fearainn a chlárú agus glacadh leis na Téarmaí agus Coinníollacha, údaraíonn an Cláraí agus, más infheidhmithe, an Teagmhálaí ar an Suíomh don Chlárlann sonraí pearsanta agus sonraí eile a bhfuil gá iad a phróiseáil chun an córas Ainm Fearainn a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gClárlann ach úsáid a bhaint as na sonraí chun an córas a fheidhmiú (lena n-áirítear cur i leith an Ainm Fearainn, aistriú an Ainm Fearainn chuig Cláraí nua, aistriú Ainm Fearainn amháin nó punann

Ainmneacha Fearainn chuig Cláraitheoir nua) agus ní féidir sonraí a aistriú chuig Tríú Páirtithe ach amháin:

- (i) Ar chead soiléir ón gCláraí
- (ii) má ordaíonn údarás poiblí é sin a dhéanamh agus é ag déanamh a chúramaí dlisteanacha
- (ii) ar éileamh ó na Soláthróirí ADR luaite in alt 15 den doiciméad seo nó
- (iii) mar a fhoráiltear in alt 11.3.2 den doiciméad seo.

Tá de cheart ag an gCláraí teacht ar a shonraí pearsanta agus socrú a dhéanamh iad a leasú, i gcás go mbíonn aon bhotúin iontu.

Ar mhaithe le cruinneas sonraí an chlárúcháin a chinntiú, faoi mar atá riachtanach de réir an Rialacháin/na Rialachán ar mhaithe le cuspóirí riaracháin eile, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an Clárlann próiseálaithe sonraí agus fo-phróiseálaithe sonraí ag próiseáil sonraí pearsanta an Chláraí atá i mbunachar sonraí na Clárlainne. Déanfaidh siad é sin i gcónaí ar son na Clárlainne agus de réir mar a threoróidh an Chlárlann dóibh.

2. Faisnéis bailithe le haghaidh úsáid inmheánach

Baileofar na sonraí pearsanta seo a leanas le haghaidh úsáid inmheánach ag an gClárlann (ach amháin sa chás go bhfuil siad ar fáil freisin tríd an áis chuardaigh *WHOIS* dá bhforáiltear in alt 11.3.1:

- (i) ainm iomlán an Chláraí;
- (ii) ainm teagmhálaí teicniúil agus/nó Teagmhálaí ar an Suíomh;
- (iii) seoladh poist;
- (iv) seoladh r-phoist;
- (v) uimhir ghutháin;
- (vi) uimhir facs (roghnach);
- (vii) teanga d'imeachtaí ADR, dá dtagraítear i mír 3(a) de na Rialacha Réiteach Díospóide.

3. Áis chuardaigh *WHOIS*

3.1. Faisnéis foilsithe sa *WHOIS*

Trí dhul chuig Láithreán Gréasáin na Clárlainne agus an tAinm Fearainn a chlósscríobh isteach san áis chuardaigh *WHOIS*, is féidir teacht ar fhaisnéis faoin Ainm Fearainn sin agus faoin gCláraí de réir na rialacha atá leagtha amach thíos.

-
- (i) Nuair is duine dleathach nó sórt eile eagraíochta é an Cláraí foilsíonn an Chlárlann de ghnáth an fhaisnéis seo a leanas in a *WHOIS*:
- ainm, seoladh agus uimhir ghutháin agus facs an Chláraí;
 - teagmhálaí teicniúil agus/nó Teagmhálaí ar an Suíomh;
 - seoladh r-phoist an Chláraí;
 - teanga le haghaidh imeachtaí ADR, dá dtagraítear i mír 3 (a) de na Rialacha Réiteach Díospóide;
 - sonraí teicniúla (mar stádas an Ainm Fearainn nó ainm na bhfreastalaithe Ainm Fearainn).
- (ii) Nuair is duine nádúrtha an Cláraí Nuair is duine príobháideach (duine nádúrtha) an Cláraí nó an Teagmhálaí ar an Suíomh, bíonn an fhaisnéis teagmhála a fhoilsítear teoranta don seoladh r-phoist mura n-éilítear a mhalairt, agus don teanga atá roghnaithe do na himeachtaí ADR, dá dtagraítear i Mír 3 (a) de na Rialacha Réiteach Díospóide. Cuirfidh an Cláraí an Teagmhálaí ar an Suíomh ar an eolas faoi seo.

Cuirfidh a gCláraitheoirí daoine nádúrtha a iarrann Ainm Fearainn .eu ar an eolas go soiléir faoin bhféidearthacht seoladh r-phoist feidhmiúil ar leith a chruthú agus a úsáid lena fhoilsiú sa *WHOIS* mar mhalairt ar a seoladh r-phoist príobháideach.

Cóiméadfar gach faisnéis eile a bhailítear d'úsáid inmheánach amháin agus ní chuirfear ar fáil í do thríú páirtithe ach amháin de réir an ailt seo.

3.2 Sonraí pearsanta a nochtadh

D'fhéadfadh cúiseanna dleathacha a bheith ag tríú páirtithe iarraidh go ndéanfaí sonraí pearsanta daoine nádúrtha nach bhfuil foilsithe sa *WHOIS* a nochtadh, ach atá próiseáilte ag an gClárlann dá húsáid inmheánach de réir alt 1.2 den Bheartas *WHOIS*.

Ní mór don tríú pháirtí iarraidh a dhéanamh astu féin ar nochtadh na sonraí seo trí fhoirm iarratais a líonadh amach atá ar fáil ar láithreán Gréasáin na Clárlainne agus:

- na cúiseanna dlisteanacha don iarraidh a lua agus bunús a thabhairt dóibh;
- an séanadh a éilíonn ar an tríú páirtí gan an fhaisnéis a chuirtear ar fáil a úsáid do chríocha eile seachas iad seo ar féidir leis na

cúiseanna dlisteanacha thuasluaite seasamh leo, a léamh agus aontú leis;

- (iii) a ainm agus seoladh iomlán a nochtadh (seoladh r-phoist, uimhreacha gutháin, agus facs, agus uimhir na cuideachta san áireamh más duine dleathach é an tríú páirtí).

Ní thabharfaí cead rochtana don tríú páirtí atá ag lorg na sonraí ach amháin má chomhlíonann siad na riachtanais go léir nó má ordaíonn údarás breithiúnach taobh istigh den Aontas Eorpach rochtain den sórt sin.

ALT 12. TEORAINN DLITEANAIS

1. Ní bheidh an Chlárlann faoi dhliteanas d'aon chailteanas, lena n-áirítear cailteanas díreach nó neamhdhíreach nó cailteanas iarmhartach agus cailteanas brabús, cibé acu conarthach, bunaithe ar thort (lena n-áirítear faillí), nó ag eascairt as ar bhealach eile, de thoradh ar nó bainteach le clárúchán nó úsáid Ainm Fearainn nó úsáid bogearraí nó Láithreán Gréasáin na Clárlainne, fiú má tugadh comhairle di go bhféadfadh cailteanas den sórt sin tarlú, lena n-áirítear ach ní teoranta do:
 - (i) chlárúchán nó athnuachan (nó mainneachtain chlárúcháin nó athnuachana) Ainm Fearainn i bhfabhar Cláraí nó tríú páirtí de bharr earráide a bhaineann lena n-aitheantas;
 - (ii) fhoirceannadh údarás na Clárlainne chun ainmneacha fearainn a chlárú sa bhFearann Barr Leibhéil;
 - (iii) chearta a d'fhéadfadh tríú páirtithe a éileamh ar Ainm Fearainn,
 - (iv) fhadhbanna nó lochtanna teicniúla;
 - (v) ghníomhartha nó neamhghníomhartha Cláraitheora i ndáil leis an iarratas nó iarraidh ar chlárúchán, clárúchán nó athnuachan Ainm Fearainn a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air nach gclárófaí an tAinm Fearainn sin nó go gcuirfí ar ceal é;

ach amháin i gcásanna ina gcruthaítear mí-iompar toiliúil na Clárlainne.

I gcás ar bith, beidh dliteanas na Clárlainne do dhamáiste teoranta do mhéid na táille clárúcháin a bhaineann leis ag am an gcuirtear an Clárlann ar an eolas faoin díospóid. Aontaíonn an Cláraí nach n-éileofar aon damáistí níos mó ná aon damáistí eile ón gClárlann.

2. Beidh an Cláraí faoi dhliteanas aon chostais nó damáistí a thiteann ar an gClárlann de bharr aon sárú de na Téarmaí agus Coinníollacha seo ag an gCláraí. Ina theannta sin, coimeádfaidh an Cláraí an Chlárlann neamhdhíobhálach ó éilimh curtha isteach nó díospóidí tosaithe ag tríú

páirtithe, agus déanfaidh siad an Chlárlann a chúiteamh maidir le haon chostais a fhaightear nó damáistí a bhainfeadh di trí tríú páirtithe ag glacadh beart ina haghaidh ar an mbonn go sáraíonn an t-iarratas do, an clárúchán nó úsáid an Ainm Fearainn ag an gCláraí, cearta na dtríú páirtithe luaite.

3. I gcás ina n-iarrann aon údarás forfheidhmithe dlí ar EURid aon ghníomh a dhéanamh i gcoinne aon ainm fearainn (lena n-áirítear ainm fearainn a atreorú nó a neamhbhailíochtú, ach gan bheith teorannaithe do na nithe sin), comhlíonfaidh EURid an iarraidh sin. Ní féidir a mheas go bhfuil EURid faoi dhliteanas i leith aon damáistí agus/nó aon chaillteanas a fhulaingíonn sealbhóir an ainm fearainn nó aon tríú páirtí mar thoradh ar an gcomhlíonadh sin.
4. Chun críocha an ailt seo, déanfaidh an téarma “Clárlann” tagairt leis dá baill, dá fochonraitheoirí agus dá stiúrthóirí agus dá bhfostaithe faoi seach.

ALT 13. LEASUITHE

1. Tá na Téarmaí agus Coinníollacha seo agus an Beartas Clárúcháin faoi réir athruithe faoi mar a chuirtear síos orthu san Alt seo.
2. Má bheartaíonn an Chlárlann na Téarmaí agus Coinníollacha agus/nó an Beartas Clárúcháin a athrú, cuirfidh sí na téarmaí nua ar fáil don phobal trí iad a chur suas ar láithreán Gréasáin na Clárlainne ar a laghad tríocha (30) lá sula bhforfheidhmítear na téarmaí nua (agus nuair a thiocfaidh siad i bhfeidhm ar an data fógartha, tiocfaidh feidhm leo mar Théarmaí agus Coinníollacha agus/nó an Beartas Clárúcháin). Déanfar gach Ainm Fearainn a láimhseáil de réir na Rialacha a bheidh i bhfeidhm ar an dáta a mbíonn an t-iarratas nó an t-iarraidh ar chlárúchán Ainm Fearainn críochnaithe. Déanfar saincheisteanna iarmharacha a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le clárú ainmneacha fearainn a rinneadh roimh fhorfheidhmiú na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo a bhainistiú de réir na nósanna imeachta atá ar fáil ar Láithreán Gréasáin na Clárlainne.
3. Mar eisceacht ón bhforáil atá leagtha amach in alt 13.2 anseo, is féidir leis an gClárlann an tréimhse tríocha (30) lá luaite roimhe seo a chur ar ceal. Tiocfaidh a leithéid d’athruithe i bhfeidhm ag an am a bhfógraítear iad ar láithreán Gréasáin na Clárlainne. Ní féidir leis an gClárlann úsáid a bhaint as an nós imeachta áirithe seo ach amháin nuair is cosúil gur féidir na hathruithe iomchuí a chosaint taobh istigh den chomhthéacs teicniúil náisiúnta nó idirnáisiúnta ábhartha agus chomh fada agus go bhfuil siad ann le bac a chur ar chlárúchán Ainm Fearainn a bheadh tuairimeach nó mí-úsáideach.
4. Ní bheidh aon oibleagáid ar an gClárlann ag am ar bith a chur in iúl do Chláraithe go pearsanta, go bhfuil na Téarmaí agus Coinníollacha seo

agus/nó an Beartas Clárúcháin le mionathrú nó go bhfuil siad mionathraithe, fiú dá gceadófaí, seachas sin, faoi na Téarmaí agus Coinníollacha agus/nó an Beartas Clárúcháin mionathraithe, an t-iarratas nó na hiarratais a rinne siad ar an Ainm Fearainn a chlárú roimhe seo agus a diúltaíodh.

ALT 14. DLÍ AGUS DLÍNSE INFHEIDHMITHE

Tá Téarmaí agus Coinníollacha agus aon ghaol idir an Chlárlann agus an Cláraí thíos faoi réir dhlí na Beilge. I gcás aon díospóide, easaontaithe nó éilimh idir an Chlárlann agus an Cláraí, beidh dlínse eisiach ag na cúirteanna sa Bhruiséil (an Bheilg), ach amháin sna cásanna dá dtagraítear in alt 15 anseo.

ALT 15. RÉITEACH MALARTACH DÍOSPÓIDE (“ADR”)

1. Glacann an Cláraí nach mór Nósanna Imeachta ADR a stiúradh faoi bhráid cheann de na soláthróirí liostaithe ar láithreán Gréasáin na Clárlainne.
2. Ní mór don Chláraí páirt a ghlacadh i Nósanna Imeachta ADR má dhearbhaíonn tríú páirtí (“Gearánaí”) don Soláthróir ADR agus má thionscaíonn sé gearán in aghaidh an Chláraí i gcomhlíonadh na Rialacha Réiteach Díospóide ar bhonn clárúchán tuairimeach nó maslach, dá dtagraítear in Airteagail 21 agus 22(1)(a) de na Rialacha Beartais Phoiblí.
Ina theannta sin, beidh de chead ag an gCláraí nó tríú páirtí Nós Imeachta ADR a thionscnamh de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Rialacha má tá sé den tuairim go dtagann cinneadh déanta ag an gClárlann salach ar an na Rialacháin.
3. Mura bhfuil a mhalairt aontaithe ag na páirtithe do Nós Imeachta ADR nó aon ní eile sonraithe sa chomhaontú idir an Cláraí agus a Cláraitheoir, is í teanga an Nós Imeachta ADR teanga an chomhaontaithe sin. Déanfar aon Nós Imeachta ADR a tionscnaíodh in aghaidh na Clárlainne, a stiúradh trí Bhéarla.
4. Beidh gach díospóide clúdaithe ag an alt seo rialaithe ag na Rialacha Réiteach Díospóide infheidhme ar chur isteach an ghearáin agus ag rialacha nós imeachta na Soláthróirí ADR roghnaithe, mar atá foilsithe ar láithreán Gréasáin na Clárlainne.

-
5. Tá aon réiteach atá ar fáil don Ghearánaí faoi na himeachtaí os comhair eadránaí (nó painéal eadránaithe) ceaptha ag an Soláthróir ADR teoranta go docht do:
- (i) neamhní a dhéanamh den chinneadh dúshlánaithe Clárlainne, i gcás go bhfuil an Nós Imeachta ADR tionscanta ar bhonn Airteagal 22(1)(b) de na Rialacha Beartas Phoiblí; agus
 - (ii) cúlghairm nó aistriú Ainm Fearainn i gcás go bhfuil an Nós Imeachta ADR tionscanta ar bhonn Airteagal 22(1)(a) de na Rialacha Beartais Phoiblí.